



TUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

Folúntas: Oifigeach Forbartha (Dún na nGall)

Tá post mar Oifigeach Forbartha á thairiscint ag Tuismitheoirí na Gaeltachta.

Cuireann Tuismitheoirí na Gaeltachta cúnaimh agus tacaíocht ar fáil do theaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge sa Ghaeltacht nó ar mian leo a leithéid a dhéanamh.

Is post ar chonradh go deireadh 2020 atá á thairiscint agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí leis an tréimhse sin. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Tuismitheoirí na Gaeltachta agus freagrach do Cheannasaí na heagraíochta.

Beidh an té a cheapfar freagrach as seirbhísí, imeachtaí, ócáidí agus scéimeanna Thuismitheoirí na Gaeltachta i nDún na nGall a eagrú agus a fhorbairt.

Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine cumasacha leis an taithí agus na cáilíochtaí seo a leanas:

- Ardchumas Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.
- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal agus/nó taithí in aon cheann de na réimsí seo a leanas: pleanáil teanga, forbairt pobail, Gaeilge, cúrsaí oideachais, cúram leanaí nó cúrsaí cumarsáide.
- Scileanna maithe cumarsáide, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta
- Tuiscint agus taithí ar shaol agus ar earnáil na Gaeltachta agus na Gaeilge
- Scileanna maithe ríomhaireachta
- Taithí i dtionscadail a chur i gcrích

Ní mór d'iarthóirí ceadúnas iomlán glan tiomána a bheith acu mar go mbeidh taisteal i gceist leis an bpost. 39 uair oibre sa tseachtain a bheidh i gceist, le roinnt oibre sa tráthnóna agus/nó ag an deireadh seachtaine san áireamh.

Is ceart litir iarratais mar aon le CV reatha a sheoladh roimh **5in Dé Céadaoin 31 Iúil 2019** chuig:

**An Ceannasaí,
Tuismitheoirí na Gaeltachta
SPLANC!
Páirc Gnó na Ceathrún Rua
An Cheathrú Rua
Co. na Gaillimhe**

nó chuig: sorcha@tuismitheoiri.ie

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le oifig
Thuismitheoirí na Gaeltachta **091 869 571**

Is fostóir comhdheiseanna é Tuismitheoirí na Gaeltachta